**Preaseisiúint**

Lánchosc go dtí 06:00 Dé Céadaoin, 16 Deireadh Fómhair

**CNCM le fóram náisiúnta comhairliúcháin ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach a óstáil**

Dé Céadaoin, 16 Deireadh Fómhair, óstálfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) fóram náisiúnta comhairliúcháin i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Beidh cur agus cúiteamh ar bun ag na rannpháirtithe ar smaointe a tháinig chun cinn ón athbhreithniú ar an tsraith shinsearach go dtí seo.

Tá an fóram á reáchtáil mar chuid de chomhairliúchán poiblí leanúnach ar an bhfís d'oideachas na sraithe sinsearaí atá ag eascairt as athbhreithniú CNCM ar oideachas na sraithe sinsearaí a thosaigh go deireanach in 2016. Bhí siad seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí athbhreithnithe go dtí seo:

- Seoladh *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report* ag imeacht ar ar fhreastail 130 duine, páirtithe leasmhara éagsúla ina measc
- Dhá bhabhta aiseolais ó mhúinteoirí agus tuismitheoirí sna scoileanna comhoibrithe
- Comhairliúchán ghuth an scoláire le nach mór 2,500 scoláire sna scoileanna comhoibrithe
- Aiseolas ó 9 scoil bhreise[1]
- 2 pháipéar oibre ón ESRI ina ndearnadh anailís ar an aiseolas ó na múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí a ghlac páirt san athbhreithniú scoile
- 7 seimineár náisiúnta ina raibh 600+ páirtí leasmhar agus comhpháirtí oideachais páirteach
- Cuireadh feasacháin nuashonraithe go hiar-bhunscoileanna ar fud na tíre agus roinneadh ar líne iad
- Comhairliúchán poiblí trí shuirbhé ar líne (1,854 freagra go dtí seo), aighneachtaí i scríbhinn (ceithre cinn go dtí seo), cruinnithe le fócasghrúpaí (deich gcruinniú go dtí seo ag ionaid ar fud na tíre), imeachtaí comhóstáilte (ceithre cinn go dtí seo), cruinnithe déthaobhacha (14 chruinniú go dtí seo) agus fóram náisiúnta comhairliúcháin ar smaointe a tháinig chun cinn go dtí seo, mar a phléitear sa tuarascáil eatramhach agus cáipéis chomhairliúcháin.

Beidh toscairí an fhóraim i mbun plé agus díospóireachta ar an gcaoi a bhféadfaí oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn a fhorbairt agus a athrú sna blianta amach romhainn.

[1] Bhí an t-ábhar athbhreithnithe ar fad ar fáil ar www.ncca.ie le go bhféadfadh scoileanna breise páirt a ghlacadh ann

Tá an-áthas ar CNCM fáilte a chur roimh Joe McHugh, T.D., an tAire Oideachais agus Scileanna, le labhairt ag an bhfóram. Ag labhairt dó faoin athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, dúirt an tAire "Is léir go bhfuil go leor rudaí maithe sa tsraith shinsearach mar atá sí faoi láthair. Tá muinín agus iontaoibh ag na comhpháirtithe oideachais agus ag an bpobal aisti. Is é príomhfhócas an athbhreithnithe seo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thaithí oideachais d'ardchaighdeán do na scoláirí ar fad, taithí a chuireann lena bhfoghlaim, lena ndeiseanna saoil agus lena n-ullmhacht don iomaí cineál todhchaí a bheidh rompu.

"Léiríonn an próiseas cuimsitheach comhairliúcháin atá ar bun ag CNCM deis thábhachtach le héisteacht le gach guth, idir chomhpháirtithe oideachais agus chomhpháirtithe poiblí. Tréaslaím le CNCM as chomh fairsing agus atá an comhairliúchán agus as an luas tomhaiste, measta, ciallmhar atá faoin athbhreithniú (agus ar cheart leanúint leis) agus éilím ar gach duine páirt a ghlacadh ann."

Beidh múinteoirí agus ceannairí scoile, comhghleacaithe ceardchumainn múinteoirí, ionadaithe ó chomhlachtaí bainistíochta, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachas), Ardoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, i measc daoine eile, páirteach san fhóram seo.

Éistfidh rannpháirtithe an fhóraim le smaointe atá ag teacht chun cinn ón athbhreithniú go dtí seo agus freagróidh siad dóibh, mar aon le réimse dearcthaí faoi na smaointe sin, ó chomhghleacaithe ceardchumainn múinteoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile, agus ó na heagraíochtaí atá freagrach as an gcreat náisiúnta cáilíochtaí (QQI), an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna agus na scrúduithe stáit (Coimisiún na Scrúduithe Stáit).

Labhróidh comhghleacaithe idirnáisiúnta ó rannóg oideachais an OECD ag an bhfóram freisin. Tá ionadaithe de chuid an OECD i mbun measúnú beartais ar oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn le 18 mí anuas. Bhreathnaigh siad go dlúth ar obair an athbhreithnithe, ghlac siad páirt i seimineáir náisiúnta, thug siad cuairt ar scoileanna le héisteacht le dearcthaí múinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile, agus ghlac siad páirt i gcruinnithe foirmiúla déthaobhacha le páirtithe leasmhara ar fhorbairt na sraithe sinsearaí. Cuirfidh Beatriz Pont, Anailísí Sinsearach, cuid dá dtorthaí tosaigh bunaithe ar an obair sin i láthair ag an bhfóram, agus dúirt: *"Tá an OECD ag plé le hÉirinn, atá ar cheann de na córais oideachais ardfheidhmíochta i measc thíortha an OECD, chun anailís a chur ar fáil a thacódh leis an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Léiríonn ár n-anailís ar an tsraith shinsearach reatha réimse láidreachtaí – leibhéal ard muiníne i measc an phobail ina measc. Ach tugann an anailís sin réimsí ina bhféadfaí an tsraith shinsearach a fheabhsú le fios freisin. Mar shampla, chuir páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil imní orthu nach bhfuil roinn ghairme níos déine agus níos mealltaí sa tsraith shinsearach, roinn a thabharfadh fíorthaithí ag an ionad oibre do scoláirí agus a chuirfí ar fáil i gcomhar le fostóirí."*

Maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe, dúirt Beatriz Pont: *"Tá an cur chuige saincheaptha chun páirtithe leasmhara a dhéanamh rannpháirteach san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach an-luachmhar chun sraith shinsearach a fhorbairt. D'éirigh le CNCM próiseas athbhreithnithe ionchuimsitheach a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, próiseas inar bailíodh réimse dearcthaí a shaibhreoidh an tsraith shinsearach."*

Tógann an fóram ar an gcomhairliúchán poiblí leanúnach níos fairsinge, a bhfuil suirbhé ar líne, aighneachtaí i scríbhinn, fócasghrúpaí agus cruinnithe déthaobhacha ina gcuid de. Beidh an comhairliúchán poiblí sin ar siúl go dtí an 1 Samhain 2019 agus tógann sé ar an gcomhairliúchán le 41 scoil a rinneadh in 2018/2019. Tá níos mó eolais faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar fáil anseo.

Dúirt Cathaoirleach CNCM, Mary O'Sullivan: *"Tá an rannpháirtíocht agus comhoibriú a bhí ina ndlúthchuid den athbhreithniú go dtí seo fós ina ngné den phróiseas seo. Chuige sin, iarrtar ar aon duine nár ghlac páirt san athbhreithniú fós an deis a thapú agus an suirbhé ar líne a fhreagairt, freastal ar cheann de na cruinnithe le fócasghrúpaí atá fós le tionól nó aighneacht i scríbhinn a chur chugainn sula dtagann deireadh leis an gcéim seo den chomhairliúchán poiblí an 1 Samhain."*

## Eolas Cúlra Breise

Cuireadh tús leis an gcéad chéim den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach in 2016 ag Bord na Sraithe Sinsearaí de chuid CNCM, ar a bhfuil ionadaithe ar chomhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara. Shainaithin an Bord réimsí tosaíochtaí le fiosrú in athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí.

Chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú, choimisiúnaigh CNCM taighde ar chláir reatha na sraithe sinsearaí agus ar raon soláthar na meánscolaíochta sinsearaí i dtíortha agus i ndlínsí idirnáisiúnta eile. I mí Feabhra 2018, sheol CNCM an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach go poiblí nuair a foilsíodh an taighde sin in *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report*.

Cuireadh tús leis an dara céim den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach i mí na Bealtaine 2018, nuair a thosaigh CNCM ag obair le 41 scoil chomhoibrithe chun fís chomhroinnte a chruthú don tsraith shinsearach agus bunús láidir a imreoidh tionchar ar churaclam a chomhlíonann riachtanais gach foghlaimeora. De bharr an chuir chuige sin, tá ról tábhachtach ag múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí i gcomhairle beartais a cheapadh agus cinntítear go bhfuil an saol mar atá i ndáiríre ar scoil ar thús cadhnaíochta nuair atáthar ag meas cé na hathruithe a theastaíonn sa tsraith shinsearach, má

theastaíonn siad. Bhí dhá bhabhta comhairliúcháin sa dara céim den athbhreithniú ina ndearnadh plé téamach ar oideachas na sraithe sinsearaí; díríodh sa chéad bhabhta ar Smaoineamh faoin Todhchaí – Cuspóir na Sraithe Sinsearaí, agus pléadh Conairí agus Solúbthacht in Oideachas na Sraithe Sinsearaí sa dara babhta. Rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) anailís ar na sonraí a bailíodh ó gach timthriall, agus chuir siad na téamaí a bhí ag teacht chun cinn i láthair ag seimineáir náisiúnta agus in dhá pháipéar oibre.

Cuireadh tús leis an tríú céim den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach i mí Iúil 2019 nuair a foilsíodh *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* agus *Cáipéis Comhairliúcháin ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach* a léirigh tús an chomhairliúcháin phoiblí níos forleithne ar na smaointe a tháinig chun cinn ón athbhreithniú go dtí sin. Tá go leor bealaí éagsúla le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, ina measc trí shuirbhé ar líne (1,854 freagra go dtí seo), aighneachtaí i scríbhinn (ceithre cinn go dtí seo), cruinnithe le fócasghrúpaí (deich gcruinniú ag ionaid ar fud na tíre), cruinnithe déthaobhacha (14 chruinniú go dtí seo) agus fóram náisiúnta comhairliúcháin.

## Na Príomhthorthaí

Dheimhnigh rannpháirtithe an athbhreithnithe go dtí seo gurb é cuspóir na céime seo den oideachas cabhrú le gach scoláire a lánacmhainneacht a bhaint amach, ag cur ar chumas gach scoláire a eolas agus a scileanna a dhoimhniú i rith na sraithe sinsearaí agus é ag teacht in inmhe agus ag forbairt go hintleachtach, go pearsanta agus go sóisialta. Tá sé d’aidhm ag an taithí ar an oideachas sa tsraith shinsearach a chur ar chumas na scoláirí todhchaí éagsúil agus inbhuanaithe a bheith acu, ionas gur féidir le gach scoláire tabhairt faoi shaoránacht iomlán agus ghníomhach agus páirt a ghlacadh go hiomlán agus go gníomhach sa tsochaí agus sa gheilleagar de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim agus ag aistriú go dtí an saol i ndiaidh na scoile.

D’athdhearbhaigh rannpháirtithe an athbhreithnithe an gá atá le gach tallann agus inniúlacht a aithint agus a dhearbhú sa tsraith shinsearach. Tá tacaíocht láidir ag réimse níos leithne roghanna a chur ar fáil do na conairí foghlama sa tsraith shinsearach ag teacht ón athbhreithniú go dtí seo. Bhí rannpháirtithe an athbhreithnithe dearfach faoin réimse leathan comhpháirteanna den churaclam atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach, ábhair, modúil agus taithí oibre ina measc, agus léirigh siad gur mhaith leo solúbthacht níos mó do na scoláirí chun cineálacha foghlama a chur le chéile ar bhealaí éagsúla. D’fhéadfaí teacht ar fhoghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil a fheabhsú, le naisc níos fearr go printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus fostaíocht.

Dearbhaíodh san athbhreithniú go bhfuil go leor láidreachtaí ag baint le cuir chuige na sraithe sinsearaí reatha i leith measúnú, le cuir chuige éagsúla i leith measúnú in úsáid sna ceithre chlár, ina measc tionscadail, tascanna, príomhthascanna, tuairiscí, punanna, scrúduithe praiticiúla, béaltrialacha, agallaimh agus scrúduithe. Creideann múinteoirí agus tuismitheoirí go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh córas measúnaithe sa tsraith shinsearach atá oibiachtúil agus cothrom. Léiríodh san athbhreithniú go dtí seo an mhian chun na cuir chuige reatha i leith measúnú a leathnú agus a athchothromú san athbhreithniú, a thógfadh ar na príomhláidreachtaí atá le feiceáil cheana féin i measúnú na sraithe sinsearaí. Tugadh le fios go bhféadfadh taifead éigin ar fhoghlaim agus gnóthachtáil pictiúr níos iomláine a thabhairt d'fhoghlaim agus gnóthachtáil an scoláire, a d'aithneodh agus a dhearbhódh réimse ilghnéitheach tallann agus inniúlachtaí na scoláirí ar fad agus a chabhródh le haistrithe bríocha agus stuama go dtí breisoideachas agus fostaíocht.

## Céard a dhéanfar anois?

De bharr chomh forleathan is atá an rannpháirtíocht san athbhreithniú seo, tá CNCM ag cur an deis comhairliúcháin phoiblí seo ar fáil lena chinntiú go léiríonn na réimsí atá ag teacht chun cinn forbairt riachtanais na scoláirí, scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí go hiomlán, anois agus amach anseo, sa chéim thábhachtach oideachais seo.

Chuige sin, tá CNCM ag iarraidh aiseolas ar na réimsí atá le forbairt ón athbhreithniú go dtí seo, mar atá le fáil sa tuarascáil eatramhach agus sa cháipéis chomhairliúcháin a ghabhann leis.

Féadfaidh daoine aonair agus eagraíochtaí aiseolas a thabhairt trí shuirbhé ar líne nó trí aighneacht a chur chugainn i scríbhinn. Tá níos mó eolais faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus aighneacht a chur faoinár mbráid ar fáil ar:

https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athbhreithniú-na-sraithe-sinsearaí/comhairliúchán

Beidh an comhairliúchán poiblí ar bun go dtí an 1 Samhain 2019.

## Céard a tharlóidh anois?

Ag eascairt as an athbhreithniú agus as an gcomhairliúchán le scoileanna agus leis an bpobal i gcoitinne, ceapfaidh CNCM réimsí tosaíochtaí, ina measc comhairle ar luas agus scála na bhforbairtí agus spriocanna níos fadtéarmaí le haghaidh fhorbairt athraitheach oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn. I ndiaidh do Chomhairle CNCM é a phlé agus a chomhaontú, cuirfear tuarascáil chomhairleach faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna lena breithniú.

**Teagmháil:**

Barry Slattery, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar 087 255 5086 nó barry.slattery@ncca.ie

**Nótaí d'Eagarthóirí**

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna 25 comhalta na Comhairle le haghaidh téarma trí bliana. Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar na comhpháirtithe oideachais, tionscail agus ceardchumainn, eagraíochtaí tuismitheoirí agus leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an gComhairle freisin. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Cathaoirleach. Féach ar chomhaltaí na Comhairle anseo.

Tacaíonn trí bhord agus roinnt meithleacha forbartha le hobair na Comhairle. Déanann na comhaltaí orthu sin ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara cosúil leo sa Chomhairle. Féach ar ár mBoird agus Meithleacha Forbartha anseo.

Stiúrann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, John Hammond, obair na Comhairle ó lá go lá, le tacaíocht ó fhoireann feidhmiúcháin lánaimseartha.

Cuireann CNCM comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le:

1. curaclam agus measúnú don oideachas luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
2. nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Forbraítear comhairle trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú.

**************************************************************************************